2026/2523

10.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2523 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Samhain 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní IV, V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Afraic Theas, le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna díobh, óna n-údaraítear coinsíneachtaí eachainmhithe a theacht isteach san Aontas. Crios ZA-1 san Afraic Theas, atá srianta do limistéar Cathrach Cape Town i gCúige Rinn Thiar an tríú tír sin, liostaítear é sa tábla i gCuid 1 den Iarscríbhinn sin agus tugtar tuairisc air i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear d'ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1170 ón gCoimisiún [4], leasaíodh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 chun, *inter alia*, teacht isteach coinsíneachtaí capall cláraithe san Aontas ó chrios ZA-1 san Afraic Theas a athúdarú faoi choinníollacha sonracha maidir le bearta maolaithe riosca breise le haghaidh tinneas Afracach eachaí. Ceann de na coinníollacha sonracha, ar a dtugtar tuairisc i gCuid 3, pointe 4(c), den Iarscríbhinn sin, is ea teacht isteach capall cláraithe san Aontas ó chrios ZA-1 a chur ar fionraí láithreach i gcás ina bhfuil cás deimhnithe de thinneas Afracach eachaí sa limistéar rialaithe go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach é a athúdarú.

(6) An 29 Deireadh Fómhair 2026 thuairiscigh an Afraic Theas don Choimisiún ráig de thinneas Afracach eachaí laistigh den limistéar rialaithe, i gcúige Rinn Thiar na hAfraice Theas. I bhfianaise na gcoinníollacha speisialta a leagtar síos i gCuid 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus an staid sláinte ainmhithe san Afraic Theas á cur san áireamh, is iomchuí teacht isteach coinsíneachtaí de chapaill chláraithe san Aontas ó chrios ZA-1 san Afraic Theas a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus an dáta a deimhníodh an ráig de thinneas Afracach eachaí á chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Afraic Theas sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.

(7) In Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch atá údaraithe, faoi seach, maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(8) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi thrí ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Alberta, ráigeanna a deimhníodh idir an 20 Deireadh Fómhair 2026 agus an 30 Deireadh Fómhair 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(9) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis atá ann i limistéar comhairle na dteorainneacha Albanacha, in Albain, ráig a deimhníodh an 2 Samhain 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(10) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis i stáit California, Iowa, Minnesota, agus Wisconsin, ráigeanna a deimhníodh idir an 23 Deireadh Fómhair 2026 agus an 29 Deireadh Fómhair 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(11) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, thug údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe fógra faoi bhunú criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus faoi chur chun feidhme beartais díothaithe chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(12) Tá faisnéis bhreise curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(13) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, is iomchuí teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1170 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII, XIII, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch, óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch, agus lena gceartaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis a mhéid a bhaineann leis an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch, óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éanlaith ghéim a theacht isteach san Aontas (IO L, 2024/1170, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1170/oj).

(14) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag Ceanada maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch a mhéid a bhaineann le ráig a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(15) Tar éis na ráige sin de HPAI a bhí ann roimhe seo, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag Ceanada go raibh beartas díothaithe curtha chun feidhme aige chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go raibh na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích aige freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(16) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada faoina bhráid i ndáil leis sin agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha aige nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí ón gcrios atá buailte, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ón gcrios de Cheanada atá buailte, óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(17) Agus an ráig de thinneas Afracach eachaí san Afraic Theas agus na ráigeanna de HPAI i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní IV, V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní IV, V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IV, V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Afraic Theas:

"**ZA** An Afraic Theas	ZA-1	F	Capaill chláraithe	EQUI-X	AHS-ZA		27.10.2026'	

(2) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.340:

'**CA** Ceanada	CA-2.340	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.9.2026	1.11.2026'

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.353, CA-2.354 agus CA-2.355 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.352:

'**CA** Ceanada	CA-2.353	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.10.2026	
	CA-2.354		N, P1		20.10.2026	
	CA-2.355		N, P1		30.10.2026'	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.473 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.472:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.473	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.11.2026'	

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1433 go US-2.1436 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1432:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1433	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.10.2026	
	US-2.1434		N, P1		27.10.2026	
	US-2.1435		N, P1		28.10.2026	
	US-2.1436		N, P1		29.10.2026'	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.353, CA-2.354 agus CA-2.355 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.352:

'Ceanada	CA-2.353	Alberta – Latitude 56.88, Longitude -117.7 The municipalities involved are: 3km PZ: Manning and Northern Lights 10km SZ: Manning, Notikewin, and Northern Lights

	CA-2.354	Alberta – Latitude 50.78, Longitude -113.99 The municipalities involved are: 3km PZ: Foothills and Okotoks 10km SZ: Aldersyde, De Winton, Foothills and Okotoks
	CA-2.355	Alberta – Latitude 52.63, Longitude -114.05 The municipalities involved are: 3km PZ: Rimbey and Ponoka 10km SZ: Rimbey, Parkland Beach and Ponoka'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios GB-2.473 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.472:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.473	near Biggar, Scottish Borders, Scotland, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N55.62 and Long: W3.45';

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1433 go US-2.1436 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1432:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.1433	State of Wisconsin Barron 14 Barron County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 91.8214134°W 45.5107516°N)
	US-2.1434	State of Minnesota Morrison 15 Morrison County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.5958515°W 45.9406784°N)
	US-2.1435	State of California Stanislaus 20 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.0128999°W 37.6282064°N)
	US-2.1436	State of Iowa Sac 07 Sac County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.9141769°W 42.5619261°N)'

(3) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.340:

'**CA** Ceanada	CA-2.340	POU, RAT	N, P1		21.9.2026	1.11.2026
		GBM	P1		21.9.2026	1.11.2026'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.353, CA-2.354 agus CA-2.355 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.352:

'**CA** Ceanada	CA-2.353	POU, RAT	N, P1		20.10.2026	
		GBM	P1		20.10.2026	
	CA-2.354	POU, RAT	N, P1		20.10.2026	
		GBM	P1		20.10.2026	
	CA-2.355	POU, RAT	N, P1		30.10.2026	
		GBM	P1		30.10.2026'	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.473 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.472:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.473	POU, RAT	N, P1		2.11.2026	
		GBM	P1		2.11.2026’;	

d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1433 go US-2.1436 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1432:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1433	POU, RAT	N, P1		23.10.2026	
		GBM	P1		23.10.2026	
	US-2.1434	POU, RAT	N, P1		27.10.2026	
		GBM	P1		27.10.2026	
	US-2.1435	POU, RAT	N, P1		28.10.2026	
		GBM	P1		28.10.2026	
	US-2.1436	POU, RAT	N, P1		29.10.2026	
		GBM	P1		29.10.2026.’	